Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

15548/17
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0017 (COD)**

CODEC 2044
CLIMA 343
ENV 1052
AVIATION 187
IND 372
ENER 505

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun leanúint ar aghaidh leis na teorainneacha atá i bhfeidhm faoi láthair ar an scóip do ghníomhaíochtaí eitlíochta agus chun ullmhú do bheart atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur chun feidhme ó 2021 ar aghaidh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

"Tá toradh na hoibre atá déanta ag ICAO maidir le cur chun feidhme an bhirt atá bunaithe ar an margadh domhanda ríthábhachtach le haghaidh éifeachtacht an bhirt sin agus le haghaidh rannchuidiú ó earnáil na heitlíochta amach anseo chun na cuspóirí faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go leanfadh ballstáit ICAO, oibreoirí aerárthaí agus an tsochaí shibhialta de pháirt ghníomhach a ghlacadh in obair ICAO. Sa chomhthéacs sin, beidh gá le trédhearcacht iomlán ó ICAO agus beidh orthu teagmháil thráthúil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí uile chun iad a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn agus cinntí."